An Tuaṫbas Daoine gan Obair sna Gaeltaċta

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

suas go dtí 1,129, ag méadú arís a bí sé in 1963, go dtí 1,136; bí isliú beag in 1964, 1,124, aċ méadú arís i mbliana go dtí 1,152.

Cífear óna figiúirí seo naċ bfuil lagdú ar biṫ dá déanaṁ ar an ṗobal gan obair i gceantar mór na Rosann áit a bfuil cuid ṁór de Gaeltaċt Dún na nGall, agus naċ bfuil tionċar ar biṫ ag cuid scéimeanna Roinn na Gaeltaċta nó saoṫrú Gaeltarra Éireann, ar gléas beaṫa a ṫabairt don ṗobal ann.

Mar adúrad go minic in "Amárac" agus mar adúirt Muintir na Gaeltaċta go minic, ní hé go bfuil fé'n-gcéadṁú don ṗobal as obair insan Ġaeltaċt, mar atá san Ġalltaċt, aċ go bfuil fé'n-gcéadṁú beag den ṗobal ag obair, na daoine a bfuil postanna Rialtais nó Stát Seirbíse, nó faoi údarás an Ċomairle Condae acu. Sin a bfuil de obair ann.

Tá an scéal céanna i nGaillim, áit a dtéann cuid ṁór do ṁuintir Ċonamara. 1,925 a bí gan obair ar an 5ú Saṁain, 1960, agus ṁair sé ṫart fán figiúir céanna go dtí go raib an tseaċtain céanna i mbliana, 1,943.

Sa Daingean bí 262 gan obair i mí na Saṁna, 1960, aċ i mí na Saṁna i mbliana bí 302 gan obair.

In Uíb Ráṫaċ (Caṫair Saidín) bí 426 gan obair in 1960; bí 464 i mí na Saṁna, i mbliana.

Ag Malartáin Feidmeanais an Ċloċáin, bí 489 gan obair in 1960 aċ 510 a bí gan obair i mbliana.

I mBéal an Ṁuirṫid bí 917 gan obair in 1960. Bí 984 gan obair i mbliana.

I gceantar Dún Fionnċaid, áit a dtéann bunús muintir Ċloiċeannaola. bí 895 gan obair i 1960 —bí 947 i mbliana.

Ba dóilig na figiúirí seo a bréagnú. Ba dóilig i bfianaise na bfigiúirí seo, a rá go raib rud ar biṫ dá déanaṁ don Ġaeltaċt. Aċ, beaḋ an scéal níos soiléire fós dá mbeaḋ figiúirí againn fá ċoinne na toga-ranna agus na mbailte fearann ins na ceantraċa Gaeltaċta féin, agus san méid as obair a beiṫ mar fé'n-gcéadṁú den ṗobal iomlán. Ó 2 p.c. go dtí 5 p.c. de ṗobal na tíre uilig atá gan obair, aċ, sa Gaeltaċta ní 2 p.c. nó 20 p.c. aċ 80 p.c. nó (0 p.c. don ṗobal atá gan ibair).

Goidé mar is féidir le duine ar biṫ a beiṫ ag caint ar slánú na Gaeltaċta i bfianaise figiúirí den ċineál sin. Níl a leiṫéid ann.

Tacaíoċt Ard Easbog

Tá Ardeaspag Ṫuama an buarṫa go bfuil maol ann go ndúnfar an monarcan biatais agus ċuir sé scéala ċuig na sagairt ag iarraiḋ orṫo a ndíċeall a déanaṁ le iarraiḋ ar feilméaraí tuilleaḋ biatas a ḟás, sa gcaoi agus naċ mbeiḋ ar an Ċomluċt monarca Ṫuama a dúnaḋ. Bí suim ag an Árdeaspag insan monarca seo ón tús.

Ceaṫrú Ṫaidg

Le seaċtain anuas tá páistí scoile Ċeaṫrú Ṫaidg coinniṫe sa teaċ mar ġeall ar an droċ-ċuma atá ar an scoil. Sean-teaċ é an scoil a bfuil braon anuas inti. Cé go bfuil 100 scoláirí ag freastal ar an scoil agus triúr múinteoirí ar an bfoireann níl aċ dá seomra ranga inte. Le tuilleaḋ is 10 mbliain tá muintir na h-áite ag fanaċt go dtógfaí scoil úr, aċ tá deire na foigde caite anois acu. Do fógraíoḋ go deiriḋ ċoṁ maiṫ go bfuiltear le reilig Cill an Ġailleagáin — Teampall na Naoṁ — a druid ⁊ reilig nua a ṫógáil sé ṁíle ón áit. Is ann atá seaċt sinsear muinntir na gcúig bailte curṫa agus de réir na n-ugdar is ceann de na teampaill is stairiúla sa tír é. Rinneaḋ na socraiṫe uilig i ngan ḟios do na daoine go mbaineann an scéal leo i dáiríre 'sé sin pobal an ċeanntair. Tairgeaḋ áit in aice leis an sean reilig saor in aisce don Ċoṁairle Condae. aċ ar ábar éigin ní raib aon ġlacaḋ air.

Is léir do na daoine go bfuil iarraċt dá déanaṁ an méid atá fágṫa de Gaeltaċt Ṁuigeo Ṫuaiḋ a ċríogaḋ. Níl séipéal ar biṫ sa ċeantar (léitear Aifreann san halla damsa), tá an scoil ina ċró, an boṫar ina ċladaċ ⁊ anois táṫar leis an reilig a ṫógáil uaṫa coṁ maiṫ.

Tá muintir Ċeaṫrú Ṫaidg ag seasaṁ ar son reilig a sinnsear agus ar son sláinte a gclann. Is ábar dóċais dúinn é aċ naċ náire saolta é go gcaitfiḋ siad troid le gná ceartanna an tsaoránaiġ a baint amaċ, i mbliain seo an Ṗáipéir Bán.

Gleannbarr

Ar na laeṫa seo tá scaipṫe fear faoi ṫreoir Ṡeosaiṁ Uí Laoġ-og ag cóiriú an Ċabsa Ṁóir, sin an aisboṫar a ṡíneas idir an ṗríoṁ-bóṫar ag an Lurgan Bric agus an portaċ ar Ṁullaiġ Ċnoc Colbaċ. Tá an-lúṫair ar ṁuintir na h-áite go bfuiltear ag deisiú an bóṫair seo óir go dtí corraḋ agus fiċe bliain ó ṡoin ní raib dóiġ ar biṫ leis an ṁóin a ṫarraingt ó'n ṗortaċ aċ ar druim asail, dóiġ fadálaċ aċrannaċ ar fad. Anois fágann an cabasa seo bealaċ isteaċ go dtí an áit a bfuiltear ag baint na monaḋ agus nuair a bíos an ṁóin tirim tig le teaġlaċ ar biṫ le tarracóir riar a gcáis féin de ṁóin a ṫarraingt taob istiġ de ṡeaċtain.

Tá feirmeoirí an Ġleanna an gnóiṫeaċ san am i láṫair ag togaḋ préataí póir. "Nome Guards' agus "Banners" an dá cineál is mó a ḟástar anseo. Tá luaċ maiṫ orṫu i mbliana. Tá siad ag dul £18 an tonna.

Tá freastal maiṫ dá déanaṁ ag feirmeoirí an Gleanna, go háiriṫe ag na feirmeoirí óga, ar an rang talṁaíoċta, i halla an ṗaróiste agus táṫar ag cuir suim mór ins na léaċtaí agus ins an teagasc atá le fáil acu.

Cosaint d'Iascairí

Ag Bárdas na Gaillime Dé Céadaoine, rinneaḋ aċaine speisialta fá ċoinne cosaint ceart do na 600 iascairí ar ċósta ṫiar na hÉireann.

Seo an rud a raib dréaċt céad-leaṫnaí ar "Amárac" tá coicís ó ṡin. faoi, agus is cosúil go bfuil sé ag dul i bfeidm.

Deir na hiascairí go bfuil na tráiléirí iasaċta ag déanaṁ neaṁ-ṡuim de na teoraí nua a ṫáinig i bfeidm ar an 1ú lá de Ḋeire Fóṁair agus go bfuil siad ag milleaḋ an t-ionad iascaireaċta is fearr sa Eoraip.

Dúirt an Coṁairleoir M. Mac Gabann, gurb é an ċúis a bí leis seo, ná naċ ár gcríoċa farraige ag fáil aċ fíor beagán cosaint ón cúrsaer "Macha" a raib de ċúram air an cósta uilig a ċoibéad.

Ba ċóir don Bárdas a iarraiḋ ar na Coṁairle Condae ag na hÚdaráistí Áitiúla ar ċósta ṫiar na hÉireann brú ar an Roinn Cosanta ceiṫre bádaí beaga ar a lagad a ċur in ionad an cúrsaer.

Dúirt an cléireaċ gur b'ḟéidir gur b'fearr rún mar é a ṫabairt isteaċ ċuig Coṁairle Condae Co na Gaillime agus dúirt Fursa Breaṫnaċ go mb'ḟéidir go dtógfaḋ an Seanóir F. Ó Cuagáin, T.D., é.

Dúirt an tUasal Ó Cuagáin go raib sé ag tógáil na ceiste leis an Roinn Cosanta le fada, fada, aċ bíoḋ an tAire ag rá: Ní tig linn aon rud a déanaṁ muna ndéineann na h-iascairí gearán.

Caineaḋ

A Cúirt Dúiċe Crosaire an Ṁáma, cáineaḋ Maiṫiú Ó Seaċnasaiġ, Cloċ Breac, £8 as gan cáin a beiṫ íocṫa ar a ġluaisteán ar an 13ú Bealtaine, 1965, agus £5 as deiṁniú mí-ċeart a déanaṁ fán ċáin. hOrdaíoḋ do £5 costaisí a íoc.

Gaeilgeoir Marb

Cúis bróin i nGaillim agus ṫart timpeall, agus imeasc na nGaeilgeoirí an scéala gur éag Labras Ó Murċú, Páirc Leannbuí, Bóṫar na Trá. Ba as Loċ Garman é agus bí sé ag teagasc i gColáiste Naoṁ Ṡeosaiṁ, Gaillim ó 1932 gur éiriġ sé as tá dá bliain ó ṡin. Bí sé an gníoṁaċ in aṫbeoċaint na Gaeilge agus ina ball de Ċoiste an Ḟeis Ċeoil. Níṫear coṁbrón lena beanċéile, Bríd (Nic Con Iomaire as Doire Niaiḋ roiṁ pósaḋ dí) atá ag teagasc i Scoil Fursa. ⁊ lena ċlann ṁac, Colm. M.Sc., atá in Lausanne; Labrás, B.Sc., Coláiste Naoṁ Seosaiṁ: agus inionaċa, Caitríona, M.A., U.C.G., ⁊ Máire. Bí rang árd-teistiméireaċta Coláiste Naoṁ Seosaiṁ mar gárda onóra leis an soċraid an ṁór a ċuaiġ go dtí an reilig nua taréis Aifreann Solúnta na Marb.

Taoide Barrlán

Figiúirí fé 12 ar maidin; os cionn 12 tráthnóna.

Dáta	Ard Na Caithne		Carna		Ára Mhór	
11-12-65	7.24	19.56	6.41	19.13	5.40	18.03
12	8.11	20.46	7.28	20.03	6.26	18.50
13	9.01	21.42	8.18	20.59	7.14	19.39
14	9.57	22.42	9.13	21.59	8.08	20.36
15	10.58	23.47	10.15	23.04	9.08	21.39
16	— —	12.05	11.22	— —	10.15	22.50
17	0.54	13.13	0.11	12.30	11.28	23.58

An Páisde ag Múineaḋ Méiliġ dá Ṁáṫair

An lá seo ṫáinig gasúr óg oċt mbliana na baile ón leabarlann le leabar an-ṁór ar fad. I gceann tamaill bí sé na ṡuí sa ċoirnéal agus é ag léaṁ go cúramaċ. tostaċ. Straċ-ḟéaċaint dá dtug a ṁáṫair air, ċonaic sí ceann-teideal an leabair agus ṫáinig iontas an doṁain uirṫi. Ṡeasaiġ sí os a ċoinne agus air sise leis: "Faoi ṫalaṁ an doṁain caidé tá tú ag déanaṁ le leabar mór fá ċúram agus tógáil páisdí?" "Ó, is ea," arsan peata beag cliste. "ba ṁaiṫ liom ḟáil amaċ an bfuil mé ag fáil an ċúram agus an tógáil mar ba ċóir dom a ḟáil!"

— — — —

Bainisteoir tí-ósta (le gasúr úr) — Ar ṁuscail tú uiṁir 50?

Gasúr — Níor ṁuscail a duine uasail. Ní ṫiocfaḋ liom é a ṁuscailt, aċ rinne mé ċoṁ maiṫ as ṫiocfaḋ liom.

Bainisteoir — Caidé rinne tú?

Gasúr—Ṁuscail mé suas uiṁir a 49 a duine uasail!

— — — —

Ciacú a bfuil an uiṁir is mó cosa—aon ċapall aṁáin nó capall ar biṫ?

Fr.—Capall ar biṫ cinnte, mar naċ bfuil ċapall ar biṫ le cúig cosa!

Eolas Cruinn

Bí ceimic á ṁúineaḋ ag an ṁáistir do rang scoláirí óga. Indiaiḋ cúpla ceaċt d'ḟiafraiġ sé daofa "Cad is uisce ann?" Ṫug gasúr beag cliste freagra air go gasta, "Laċt gan daṫ a ṫionntaíonn dub nuair a nionn tú do láṁa ann!

— — — —

Tosnaiṫeoir — Anois a duine ċóir. ba ṁaiṫ liom-sa capall a ṗostú uait. Cá ḟaid a dtig liom é coinneáilt amuiġ

Giolla-capall — Maise a duine uasail, fágaimid sin i gcónaí ag an gcapall!

— — — —

Caillte

Peann tobar. óra, luaċmar, le fear, leaṫ-lán de dúċ!

— — — —

Ar Iarraiḋ

Pónaí beag deas do ċailín óg, le rubaill fada!

— — — —

Cuairteoir — Cé'n fáṫ a bfuil do ṁada ag stánaḋ orm ċoṁ dian sin?

Óstóir — Níl ḟios agam. Béidir gurab é go bfuil tusa ag iṫe ó na ṗlaṫa-san!

Clár Radio

Deardaoin—5.01, Hassan Ropadoir. 5.15, Amhrain Leis an gCruit. 5.30, The Tin Can Coinage. 5.55, Weather Forecast. 6.01, Nuacht agus Caint na Deardaoine. 6.20, Announcements. 6.25, Here's the Doctor. 6.45, Fleadh Ceoil an Radio. 7.15, Requests from the Irish Troops Overseas. 7.30, Coiriu na Leapan. 8.1, Record Report. 8.30, Between Ourselves. 9.1, A Successful Man. 9.15, Masters and Moderns. 9.45, Sceal Nua ar an Seansceal. 10.30, Jazz from Canada. 10.45, Recital.

Dé hAoine—5.01, Ceili na nOg. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na hAoine. 6.20, Announcements. 6.25, Focal on Dochtuir. 6.45, Sports Stadium. 7.30, Tommy O'Brien and his Records. 8.1, Ballads. 8.15, A Munster Journal. 8.45, An Turas Go Bun Dobhrain. 9.1, Symphony Concert. 10.30, The Church in the World.

Dé Sathairn—5.1, Tunes on the Cordovox. 5.15, Junior Sports Magazine. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an tSathairn. 6.20, Announcements. 6.45, Wha's News? 7.15, Music Beyond Compare. 7.45, This Week at the United Nations. 8.1, Dear Sir or Madam. 8.30, The Maureen Potter Show. 9.1, International Boxing: Ireland v. Rumania. 10.30, Ceili House.

Dé Domhnaigh — 10.30, Mass. 11.30, Service of Morning Prayer. 12.30, The Church in the World. 1.0, The Maureen Potter Show. 1.35, Provincial News Round-up. 2.0, Meet the Clans. 2.45, An Coiciosan. 3.15, Ceolta Tire. 3.30, The Crooked Path. 4.30, Question Time for Junior Scientists. 4.50, Ceol Do Phaisti. 5.30, Down the Country. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht Anall, Nuacht Abhfus. 6.25, Appeal. 6.40, Sports Time. 7.10, An Sagart Linn. 7.15, Seventeen Club. 8.0, Order of Preference. 9.0, A Concert from the South. 9.30, The Years of the Great Test. 10.0, News. 10.15, Newspoint. 10.35, Music of the Nation. 11.05, Recital. 11.35, G.A.A. Results.

Dé Luain—5.01, Out of Doors. 5.15, Howth Children's Choir. 5.30, Dombey and Son. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint an Luain. 6.20, Announcements. 6.45, Ireland's Top Ten. 7.15, Annso Is Annsud Sa Mhumhain. 7.30, Fleadh Ceoil an Radio. 8.1, Survey. 8.30, Men of Letters. 8.45, Poetry Review. 9.1, Aeriris. 9.30, Field and Farmhouse. 10.30, Ceili Music from Munster. 10.45, City Newsreel.

Dé Mairt—5.01, Through the Looking-Glass. 5.30, Mol an Oige. 5.55, Weather Forecast. 6.1, Nuacht agus Caint na Mairte. 6.20, Announcements; Report on Store Cattle Sales. 6.45, Requests from Overseas. 7.15, This Is Your Business. 7.45, The Radio Eireann Singers. 8.1, A Woman's World. 8.30, At the Villa Rose. 9.1, Symphony Concert. 10.30, Today in the Dail. 10.45, Come All Ye Loyal Heroes.

Dé Ceadaoin — 5.01, Dreamy Dickle. 5.15, Through Many Lands to Bethlehem. 5.30, Junior Journal. 5.55, Weather. 6.1, Nuacht agus Caint na Ceadaoine. 6.20, Announcements; Cattle Market Report. 6.45, Town Hall To-night. 7.30, Break For Music. 8.1, Gardening Magazine. 8.30, Farmers' Forum. 9.1, The Radio Eireann String Quartet. 9.45, Guth Aduaidh. 10.30, Today in the Dail. 10.45, And Then Came Sound. 11.0, Pop Call.

Muintir na Gaeltachta a d'fhoillsigh. "Democrat", Tír Chonaill, Clóbhualadh.